1 RÉAMHRÁ AGUS COMHTHÉACS

Is é an Plean Forbartha an phríomhionstraim trína ndéantar bainistiú ar athrach fisiceach sa tírdhreach. Tig leis an t-athrach fisiceach seo tarlú de bharr brú agus borradh inár mbailte agus sráidbhailte; a n-athnuachan agus a n-athfhorású; cosant ar n-oidhreacht (nádúrtha agus saorga); chomh maith le go leor, leor brúnna difriúla ar an tírdhreach tuaithe ó thithíocht tuaithe, turasóireacht, tionscal, feirmeacha gaoithe, cairéalú, foraoiseacht, iompar, teileachumarsáid agus infreastruchtúr eile.

Caithfear an t-athrach seo a lonnú agus a bhainistiú laistigh de chomhthéacs níos leithne – an gaol atá ag Dún na nGall lena chontaetha comharsanachta agus a chomhthéacs Réigiúnach, Náisiúnta agus Idirnáisiunta. Tá fís leagtha amach sa Phlean Forbartha fá choinne forbairt fhoriomlán an Chontae sna blianta atá romhainn agus conas a leithéid a chur i grích. Aithnítear an treo ina bhfuil muid ag iarraidh dul ann agus tugtar treoracha dúinn ar an dóigh le ceann scríbe a bhaint amach. Feasta, déanfar iarratais ar chead pleanála sa Chontae a mheas in éadan na bpolasaithe, aidhmeanna, caighdeáin teicniúla agus treoirlínte atá leagtha síos sa Phlean Forbartha.

1.1 AN COMHTHÉACS REACHTÚIL

Tá an Plean Forbartha curtha le chéile de réir an Acht Pleanála agus Forbartha, 2000-2004 (Alt 11 agus Alt 12). De réir an Achta, i ndiaidh don Phlean Forbartha a bheith glactha leis, fanóidh sé i bhfeidhm ar feadh sé bliana, ach ó thaobh straitéise de caithfidh sé a bheith níos fadradharcaí faoin todhchaí i gceann 15 agus 20 bliain eile.

Forchuireann an tAcht Pleanála roinnt dualgas reachtúil ar Údaráis Pleanála i ndáil le hullmhú a bpleananna forbartha, iad seo a leanas, mar shampla, san áireamh:

- Straitéis fhoriomlán do phleanáil agus d'fhorbairt inbhuanaithe mar is cóir a leagan amach don cheantar;
- Aidhmeanna forbartha a aithint don cheantar atá i gceist, ina measc, talamh a chriosú mar saincheantair; soláthar nó éascú infreastruchtúir; caomhnú agus cosaint na timpeallachta;
- Próisis do chomhairliúchán poiblí;
- Cláracha ama dochta a leagan síos do phróiseas ullmhúcháin an phlean; agus
- Nósanna imeachta a shocrú trína ndéanfaidh an Bainisteoir agus na Comhaltaí Tofa athbhreithniú agus measúnacht ar an phlean le linn an phróisis ullmhúcháin.

1.2 LÉIRMHÍNIÚ

Sa phlean seo, seachas nuair is gá a mhalairt don chomhthéacs,:-

Ciallaíonn "An Chomhairle" Comhairle Contae Dhún na nGall.
Ciallaíonn "An Chontae" ceantar riaracháin na Comhairle chun críocha na nAchtanna Pleanála a chlúdaíonn Contae Dhún na nGall go léir diomaite de Chomhairlí Baile Bhun Cranncha, Bhun Dobhráin agus Leitir Ceanainn.

1.3 LEAGAN AMACH AN DOICIMÉID

Tá an doiciméadú seo a leanas i bPlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2006-2012:

1. Áirítear iad seo sa Bhundoiciméad: Réamhrá, Comhthéacs Reachtúil, Comhthéacs Náisiúnta, Trasteorann, Réigiúnach, Áitiúil agus Straitéis Spásúil. Sa Chuid seo den Phlean Forbartha fosta tá cur síos ar ábhair thábhachtacha macasamhail Forbairt Polasaí, Iompar agus Cumarsáid, Cruthú Fostaíochta agus Straitéisí Forbraíochta, Seirbhísí agus Cosaint Timpeallachta, Forbairt Acmhainní Nádúrtha, Oidhreacht Nádúrtha agus Tógtha, Turasóireacht, An Ghaeltacht, Cultúr, Spórt agus Caitheamh Aimsire, agus Measúnú Comhshaoil. (Caibidlí 1-11).
2. Tá roinnt Aguisíní ann fosta, ina measc:
   Aguisín A - Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Teicniúla.
   Aguisín B – Straitéis Chúram Páistí
   Aguisín C – Straitéis Tithíochta
   Aguisín D – Straitéis Miondíola
   Aguisín E – Treoir do Láithréanú, Suíomh agus Dearadh – Tuaithe agus Uirbeach
   Aguisín F – Leabhrán Léarscáileanna de Phointí Rialúcháin Bailte agus Sráidbhailte

Cuirtear an bunús comhleanúnach céanna, sé sin, cúlra, cuspóirí, aidhmeanna, polasaithe agus moltaí, i bhfeidhm go ginearálta ar tríd síos an doiciméad.

Fad is mhairfidh an Plean, féadfar Athruithe reachtúla a dhéanamh go hannamh ar na bundoiciméidí seo, rud a dhéanfadh tuilleadh feabhais, leasaithe nó éagsúlaithe ar an Phlean Forbartha trí ábhar breise a chur leis.

1.4 COMHTHÉACS POLASAÍ - NÁISIÚNTA, TRASTEORANN, RÉIGIÚNACH AGUS ÁITIÚIL.

Ó ullmhaíodh an Plean Forbartha deireanach, tháinig dornán forbairtí tábhachtacha chun cinn. Cuireadh le chéile an **Straitéis Réigiúnach** agus na **Treoirlínte Pleanála Réigiúnach do Réigiún na Teorann**, i gcuideachta leis an **Straitéis Spásúil Náisiúnta**, go háirithe ar mhaithe le frámaíocht spásúil a chur ar fáil d'Údaráis Pleanála chun iad a threorú in ullmhúchán Pleananna Forbartha Contae agus Pleananna Ceantair Áitiúla. Táthar ag súil go mbeidh infheistíocht sa Chontae faoi threoir na bhfrámaíochtaí seo fosta.

Tá na doiciméidí thuasluaite agus caipéisí eile tábhachtacha polasaí a bhaineann le comhthéacs Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil tugtha chun suntais thíos.

1.5 COMHTHÉACS POLASAÍ NÁISIÚNTA AGUS TRASTEORANN:

An Plean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 (PFN)
Suas go dtí 2006 agus thairis, tá sé mar aidhm ag an PFN clár d'infheistíocht struchtúrtha de réir tosaíochta a chur ar fáil do bhonneagar fisiceach, eacnamaíoch agus sóisialta na hÉireann chun iomaíocht na hÉireann a láidriú, fás geilleagraí agus fostaíochta a inbhuanú, forbairt chothrom réigiúnach a chothú agus cuimsiú sóisialta a chur chun tosaigh. I measc na dtionscadal a ndeachaigh maoiniú ón PFN chun sochair dóibh, bhí infheistíocht in iompar poiblí (an Tionscnamh Taistil Tuaithe), forbairt tuaithe, bóithre neamhnáisiúnta, áiseanna cóireála fuíolluisce, cláracha talmhaíochta, forbairt ar chúram páistí agus maoiniú i gcomhair scéimeanna do chosaint cósta le cois tionscadail infreastruchtúracha eile.

An Straitéis Spásúil Náisiúnta 2002 (SSN)
Is éard atá san NSS ná frámaíocht do pholasaí spásúil ina leagtar síos frámaíocht náisiúnta chun forbairt réigiúnach níos cothroime a chur i gcrích. Faoi Alt 12(11) den

Acht, tá sé d'iallach ar Údaráis Pleanála aire a thabhairt do phleanáil mar is cóir agus forbairt inbhuanaithe ar an cheantar lena mbaineann an Plean Forbartha agus do pholasaithe ábhartha nó spriocanna ar bith atá ag an Rialtas.

Beidh an Straitéis Spásúil, mar atá sonraithe thíos, ag leagan síos frámaíocht don Chontae de réir fhorálacha an Straitéis Spásúil Náisiúnta.

Treoirlínte Náisiúnta Polasaí.
Cuireann an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, iallach ar údaráis pleanála aird ar leith a thabhairt ar threoirlínte an Aire sa Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. I measc na ndoiciméad treorach sin, tá siad seo a leanas:

- Aeróga agus Struchtúir Tacaíochta Teileachumarsáide, Treoirlínte d'Údaráis Pleanála, 1996.
- Treoirlínte fá Dhlús Cónaithe, 1999.
- Treoirlínte Chúraim Pháistí, 2000.
- Treoirlínte do Phleanáil Miondíola, 2000, (mar atá leasaithe, 2005).
- Dréacht-treoirlínte d'Údaráis Pleanála ar Thírdhreach agus Measúnacht Tírdhreacha, 2000.
- Treoirlínte d'Údaráis Pleanála ar Chosaint Oidhreacht Ailtireachta do Thithe Pobail/Adhartha, 2003.
- Cosaint Oidhreacht Ailtireachta, Treoirlínte d'Údaráis Pleanála, 2004.
- Dréacht-treoirlínte Comhairliúcháin d'Údaráis Pleanála um Rialú Cairéil agus Gníomhaíochtaí Coimhdeacha, 2004.
- Dréacht-treoirlínte Comhairliúcháin um Mheasúnacht Straitéiseach Comhshaoil, 2004.
- Treoirlínte ar Fhorfheidhmiú Phleanáil Réigiúnach, Treoir Dea-chleachtais, 2005.
- Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe, Treoirlínte d'Údaráis Pleanála, 2005.
- Treoirlínte um Fhorbairt Fuinneamh Gaoithe do Údaráis Pleanála (RCORA 2006)

An Straitéis Forbartha Réigiúnach do Thuaisceart Éireann 2025 (SFRTE/RDSNI)
Tá teorainn an-leathan ag Contae Dhún na nGall le Tuaisceart Éireann. Tá níos mó ná 90% den teorainn talún ag críochantacht leis an Tuaisceart. Ar an tséala sin, tá sé thar a bheith tábhachtach é seo a aithint i gcomhthéacs an pholasaí staitéiseach atá sa Phlean Forbartha. Baineadh úsáid as téamaí éagsúla nuair a bhíothas ag ullmhú an SFRTE, mar a leanas:

- Forbairt ar chórais uirbeacha atá cóimheáite agus polalárnach
- Gá le ceangailt úrnua uirbeacha-tuaithe a fhorbairt
- Infreastruchtúr comhtháite a chur chun cinn
- Úsáid chríonna fhaichilleach a bhaint as acmhainní nádúrtha agus as an oidhreacht chultúrtha agus an oidhreacht fhoirgníochta.

Aithnítear sna téamaí seo go bhfuil sé riachtanach comhordú a dhéanamh ar phleanáil spásúil i gceantair trasteorann. Agus go speisialta, tá sé mar aidhm ag an SFRTE forbairt, a bheas bunaithe ar chathair Dhoire, a dhéanamh ar an iarthuaisceart, agus an chathair sin a láidriú mar mholl don Iarthuaisceart ina iomláine, ar a n-áirítear Dún na nGall, a bhfuil go leor, leor ceangail láidre ag Doire leis. Aithnítear san SFRTE fosta go bhfuil ceantair faoi mhíbhuntáiste ar dhá thaobh na teorann, agus go bhfuil géarghá le níos mó fáis gheilleagraí a spreagadh ar fud fad an Iarthuaiscirt. Mar sin de, gríosaíonn an straitéis comhoibriú trasteorann ar bhonn an-leathan. Cuirtear na

pointí ábhartha seo a leanas san áireamh sna haidhmeanna straitéiseacha do limistéar an Iarthuaiscirt:

- Ról Dhoire mar Chathair Réigiúnach agus mar cheartlár iompair don Iarthuaisceart a láidriú, ar mhaithe le heochairinfreastruchtúr agus seirbhísí a chur ar fáil i riarachán, oideachas, sláinte, fuinneamh, tionscal, tráchtáil, siopadóireacht, agus áiseanna cultúrtha agus turasóireachta.
- Fás geilleagrach agus forbairt thionsclaíoch a spreagadh chun freastal ar riachtanais an daonra atá ag méadú go gasta; agus
- An chathair a bhisiú agus a fheabhsú trí athfhorasú leanúnach agus forbairt fhaichilleach ar a suíomh eisceachtúil cois abhann agus a ballaí cosanta suntasacha; agus margadh turasóireachta cathrach ar leith a chruthú, a bheas bhunaithe ar a clú mar chathair stairiúil i ngréasán Eorpach de chathracha múracha.

1.6 COMHTHÉACS POLASAÍ RÉIGIÚNACH

Straitéis Réigiúnach agus Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Réigiún na Teorann, 2004.

Tá Údarás Réigiúnach na Teorann (URT/BRA) ar cheann d'ocht gcinn d'údaráis réigiúnacha reachtúla a bunaíodh sa bhliain 1994, ar tugadh cumhacht dóibh comhordú a chur chun cinn i dtaca le gnoithí Rialtais Áitiúil ag leibhéal réigiúnach agus comhairle a chur ar fáil maidir le leithdháileadh maoiniúcháin sna réigiúin. Tá contaetha Dhún na nGall, Shligigh, Liatroma, An Chabháin, Mhuineacháin agus Lú laistigh de cheantar feidhme URT. I measc a chuid feidhmeanna, tá ullmhúchán na dTreoirlínte do Phleanaíl Réigiúnach agus an Straitéis Réigiúnach do Réigiún na Teorann chomh maith leis an athbhreithniú ar Phleananna Forbartha an Rialtais Áitiúil ina réigiúin chun a chinntiú go bhfuil siad i gcomhréir leis an Straitéis Réigiúnach agus lena chéile.

Faoin Acht Pleanála, tá sé de dhualgas ar Údaráis Pleanála aird a thabhairt ar, agus cloí leis na treoirlínte pleanála reatha atá i bhfeidhm dá gceantar nuair atá siad ag ullmhú a bPleananna Forbartha reachtúla.

De réir na dTreoirlínte ar Fhorfheidhmiú Phleanáil Réigiúnach – Treoir Dea-chleachtais (2005), ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, is trí phróiseas an Phlean Forbartha a chuirfear formhór na dTreoirlínte do Phleanáil Réigiúnach i bhfeidhm. Sa chuid seo a leanas, déantar cur síos ar an Straitéis Spásúil atá beartaithe don Chontae agus ar na príomhfhorálacha atá sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnach do Réigiún na Teorann.

Coimisiún Forbartha an Iarthair

Sa bhliain 1996, bunaíodh Coimisiún Forbartha an Iarthair (CFI) mar ghníomhaireacht reachtúil, ar ar ceapadh a chomhaltaí boird faoi rogha an Aire Talmhaíochta, Bia agus Forbairt Tuaithe. Foilsíonn sé doiciméidí polasaí a bhaineann le hábháir forbartha macasamhail infreastruchtúr, fostaíocht, táirgíocht bia talmhaíochta, turasóireacht, teileachumarsáid, &rl. a bhfuil baint acu le cúrsaí pleanála agus forbartha Chontae Dhún na nGall. Áirítear iad seo a leanas mar chuid dá phríomhfheidhmeanna:

- Straitéis d'fhorbairt eacnamaíoch agus sóisialta a chur chun cinn
- Comhoibriú le gníomhaireachtaí reachtúla agus pobalbhunaithe agus le heagraíochta gnó chun na coinníollacha riachtanacha d'infheistíocht phríobháideach a chruthú
- Anailís agus forbairt polasaí

- Fiontar, idir áitiúil, pobail agus dúchasach, chomh maith le cruthú fostaíochta a spreagadh; agus
- Ciste Infheistíochta an Iarthair a bhainistiú agus a chur chun cinn.

Forbairt Inbhuanaithe: Straitéis dÉirinn
Sa bhliain 1997, d'fhoilsigh an Rialtas Straitéis Náisiúnta d'Fhorbairt Inhuanaithe. Cuireann an straitéis frámaíocht ar fáil faoi choinne inbhuaine a bhaint amach ag leibhéal áitiúil. Iarrann sé ar Údaráis Pleanála prionsabail do inbhuaine a chur san áireamh ina gcuid Pleananna Forbartha agus a chinntiú go bhfuil a gcuid polasaithe pleanála ag tacú lena leithéid a chur i gcrích. Den chéad uair, bhí sainmhíniú d'fhorbairt inbhuanaithe sa dearbhú, a eisíodh le linn Cruinniú Mullaigh Rio sa bhliain 1992, sé sin: 'Is ionann forbairt inbhuanaithe agus forbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais na nglúnta atá ann faoi láthair gan aon dochar a dhéanamh de chumas na nglúnta atá le theacht freastal ar a riachtanais féin'. Anois, tá coinníoll sainordaitheach curtha isteach sna hAchtanna Pleanála, 2000-2004, ar mhaithe le hinbhuaine a bhaint amach. Cuirfear é seo i gcrích ar an tslí seo a leanas:

- Éifeachtacht a spreagadh in úsáid fuinnimh, iompair agus acmhainní nádúrtha tré lonnú cúramach a dhéanamh ar fhorbairtí cónaitheach, tráchtála agus tionsclaíochta agus tré stiúir a choinneáil ar chruth, struchtúr agus méid na bhforbairtí.
- An úsáid is éifeachtaí a bhaint as ceantair atá forbartha cheana féin.
- Cinntiú a dhéanamh ar chosaint agus feabhsú na timpeallachta nádúrtha, ar a n-áirítear gnéithe sainiúla nó suntasacha, tírdhreacha agus gnáthóga nádúrtha.
- Tacú le riachtanais forbartha úrnua ar dhóigh atá faichilleach agus inbhuanaithe i ndáil leis an timpeallacht.

Leagann an straitéis béim ar an ghá atá ann d'Údaráis Pleanála dearcadh straitéiseach a bheith acu i leith patrúin lonnaíochta agus riachtanais forbraíochta agus infreastruchtúir ina gcuid Pleananna Forbartha chun barraíocht uirbeachais a sheachaint, rud atá neamhéifeachtach d'úsáid talaimh, fuinnimh agus iompair. Maíonn an straitéis nach mbeidh fáil ar mhaoiniú Rialtais d'fhorbairt infreastruchtúir más rud é go ndéanfar an iomarca criosú talaimh, nach bhfuil riachtanach, i bPleananna Forbartha.

Tarraingnítear aird ar an ghá atá le polasaithe do thalamhúsáid comhtháite agus iompar ar mhaithe le laghdú a dhéanamh ar an fhás ionchasach ar éileamh iompar príobháideach agus méadú a dhéanamh ar úsáid agus éifeachtacht iompar poiblí seachas gan a bheith ag éascú carranna príobháideacha.

Tugtar na fadhbanna a chruthaítear de bharr leathnú uirbeach chun suntais agus moltar dlúis chónaithe níos airde, go háirithe ó thaobh athfhorbairt ar shuímh dhonna, ar thalamh in aice le nóid d'iompar poiblí agus pointí rochtana i gcroílár bailte.

Maidir le ceantar tuaithe, molann an straitéis go mbeadh níos mó aitheantais tugtha don ghá atá le cosaint a thabhairt do chaighdeán agus carachtar an taobh tíre. Maíonn sé go bhfuil an rachairt tithíochta ó dhaoine atá ag obair sna cathracha agus sna bailte móra neamh-inbhuanaithe agus go gcaithfear teanntás a bheith ann in éadan tithe aon-uaire a easraíonn ó bhrú uirbeach.

1.7 COMHTHÉACS POLASAÍ ÁITIÚIL

San am i láthair, tá roinnt Pleananna Forbartha reachtúla eile ann a bhaineann leis an Chontae. Tá siad dírithe ar bhailte aonaracha agus tá siad seo a leanas san áireamh:

- Plean Forbartha Bhun Chranncha, 2002.
- Plean Forbartha do Leitir Ceanainn agus a Cúlchríocha, 2003-2009.
- Plean Forbartha Bhun Dobhráin, 2004-2010.

Baineann an Plean Forbartha Contae le ceantair riaracháin Chomhairle Contae Dhún na nGall, ach tá na ceantair a mbaineann na Pleananna Forbartha thuasluaite leo fágtha amuigh as. Nuair amháin a ghlacfar leis an Phlean Forbartha Contae seo, scrúdófar na Pleananna Forbartha áitiúla sin le déanamh cinnte go bhfuil siad i gcomhréir leis an Phlean Contae bunaidh agus tabharfar aghaidh orthu trí Athrú reachtúil nuair agus más gá a leithéid a dhéanamh.

Feictear an Plean Forbartha do Leitir Ceanainn agus a Cúlchríocha, 2003-2009, mar chaipéis thábhachtach a chuirfeas ar fáil frámaíocht lena haistriú go Geata-Chathair, mar atá leagtha amach sa Straitéis Spásúil Náisiúnta.

Tá dhá chaipéis chéimiúil eile ann ag leibhéal áitiúil a bhfuiltear á gcur san áireamh sa Dréachtphlean Forbartha Contae, siad sin Plean Corparáide na Comhairle, a leagan amach an plean airgeadais don Chontae ó thaobh oibriúcháin de, agus An Straitéis, doiciméad tábhachtach socheachnamaíoch agus cultúrtha a d'ullmhaigh Bord Forbartha an Chontae thar ceann sainleasanna teascógacha éagsúla laistigh den Chontae.

Caithfear soiléiriú a dhéanamh a chéaduair ar an ghaol atá idir an Dréachtphlean Forbartha Contae agus *An Straitéis*. Cuireann *An Straitéis* comhthéacs socheachnamaíoch ar fáil don Dréachtphlean Forbartha Contae. Tá an dá cháipéis ansin mar ráitis chomhthreomhara ar fhorbairt an Chontae ach tá beagán difear idir a sainchúraimí. Is ar fhorbairt shóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha a dhíríonn *An Straitéis* agus , go príomha, is ar úsáid talún atá an Plean Forbartha dírithe. Ní mór do chinneadh ar bith fá úsáid talún a bheith ar an eolas fá chúrsaí socheachnamaíocha, agus tá gné spásúil na Straitéise i gcoimhréir le polasaithe d'úsáid talún agus aidhmeanna an Phlean Forbartha. **Is é an Dréachtphlean Forbartha Contae an ráiteas reachtúil ar chúrsaí straitéiseacha i ndáil le húsáid talún.** Ó thaobh oibre de, mar sin féin, tá cuid mhór idirghníomhú idir an bheirt siocair go gcuideoidh ceann amháin leis an cheann eile ó thaobh comhthéacs a shocrú dá chéile. Tá siad ag cur le chéile agus ag treisiú a chéile seachas a bheith in iomaíocht nó ag teacht salach ar a chéile i dtaca le polasaí.

1.8 PRÓIFÍL DE CHONTAE DHÚN NA NGALL

Tá clú agus cáil náisiúnta, agus fiú idirnáisiúnta, ar Dhún na nGall de thairbhe áilneacht a thírdhreach agus a chósta galánta. Lena chois sin, tá oidhreacht chultúrtha thar a bheith saibhir ag an Chontae, go speisialta sa Ghaeltacht agus ag pobal na n-oileán. Tá ról tábhachtach fisiceach agus cultúrtha ag an Chontae i dtaca le cumarsáid trasteorann, ach siocair a shuíomh imeallach agus an mheath atá tagtha ar thionscail agus ar sheirbhísí traidisiúnta, is iomaí dúshlán atá os a choinne san am atá le theacht.

Suite ar an chósta thiar thuaidh, clúdaíonn Dún na nGall achar talún de 486,091 heicteár (6.9% d'iomlán achair talún an Stáit). Cé go bhfuil an Chontae suite go himeallach i dtaca leis an chuid eile den Stát, tá teorann an-leathan ag Dún na nGall le Tuaisceart Éireann, go háirithe le Chontaetha Dhoire, Thír Eoghain agus Fhear Manach.

Tá sliabhraon maorga eibhir ag reáchtáil anoir aduaidh siar ó dheas tríd an Chontae, siad sin Sléibthe Dhoire Bheatha, ina bhfuil Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha suite. Ar an taobh thiar theas den raon sléibhe seo, tá leathinis ollmhór de shléibhte ghrianchloichíte crua, ar a dtugtar Na Cruacha Gorma, a shíneann ó Bhealach Féich siar go cósta Ghleann Cholm Cille. Ar an taobh thiar, tá cósta bearnach galánta, beanna farraige shuntasacha Shliabh Liag, tránna áilne, cuanta deasa fothana, mórán leathinsí móra agus locha mara (macasamhail Inis Eoghain agus Loch Súilí san Oirthuaisceart), le cois go leor, leor oileán amach ón chósta agus a bhfuil cónaí ar chuid acu go fóill.

Ar an taobh thoir de Shléibhte Dhoire Bheatha, cuireann ithir charntha ar fáil cuid den talamh feirmeoireachta is fearr sa Chontae, macasamhail an Lagáin. Tugtar cáilíocht na timpeallachta chun suntais de bharr go bhfuil an oiread sin ceantar sonraithe ag an AE mar Limistéir Oidhreachta Náisiúnta (NHA), Limistéir Speisialta Caomhantais (LSC) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (LCS).

Is i nDún na nGall atá an Ghaeltacht is mó sa tír, ag síneadh ó pháirteanna den chósta thuaidh, ó Chionn Fhánada (ag barr Loch Súilí) siar ó dheas chomh fada le Gleann Cholm Cille ar an chósta thiar. Clúdaíonn an Ghaeltacht, ina raibh daonra de 23,728 sa bhliain 2002 agus ina bhfuil a traidisiún cultúrtha agus a hoidhreacht teanga shuntasach féin beo bríomhar, clúdaíonn sí chóir a bheith an ceathrú cuid den Chontae.

1.9 DAONRA

De réir Daonáirimh na bliana 2002, ba é 137,575 líon iomlán an daonra a bhí sa Chontae, méadú de 5.8% idir 1996 agus 2002, ach cuid mhaith níos ísle ná an meánráta náisiúnta de 8.1% don tréimhse chéanna. Taispeánann Réamhthuarascáil ar Dhaonáireamh 2006, a d'fhoilsigh an Phríomhoifig Staidrimh i mí Iúil 2006, go bhfuil daonra de 146,956 i nDún na nGall san am i láthair, athrú céatadáin de +6.8% sa tréimhse 2002-2006. Idir 1926 agus 1971, tháinig meath ar dhaonra an Chontae, ach thosaigh sé ag ardú arís de réir a chéile go dtí 1986 agus tá sé seasmhach go maith ó shin i leith. Is contae tuaithe den chuid is mó atá i nDún na nGall, gan ach fíorbheagán bailte móra ina bhfuil daonra níos airde ná 3,000 duine, siad sin Leitir Ceanainn, Bun Cranncha agus Bealach Féich/Srath an Urláir (daonáireamh 2002). Is é Leitir Ceanainn an baile mór is mó agus tá a thábhacht tugtha chun suntais de bharr a ainmniúchán mar Gheata-Chathair sa Straitéis Spásúil Náisiúnta. Feictear geata-chathracha mar lárionaid thábhachtacha náisiúnta, a dtugann a suíomh agus a scála tacaíocht do chur i gcrích an cineál comhtháiteachta atá riachtanach ar mhaithe le fás fostaíochta láidir inbhuanaithe a chothú sna réigiúin. Bheadh ar chumas na nGeatabhealaí seo tacú leis an struchtúr uirbeach-tuaithe níos cumhachtaí atá de dhíth chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ina gceantair féin.

Tábla 1: Daonra Dhún na nGall i gcomparáid leis an Stát 1986-2002

Bliain	Dún na nGall	An Stát
1986	129,664	3,540,643
1991	128,117	3,525,719
1996	129,994	3,626,087
2002	137,575	3,917,336

Tábla 2: Daonra de réir Toghcheantar

Toghcheantar	Daonra 2002
Srath an Urláir	14,599
Inis Eoghain	31,736
Baile Dhún na nGall	25,020
Na Gleanntaí	23,894
Baile na nGallóglach	15,119
Leitir Ceanainn	27,015

foinse: Daonáireamh 2002, An Phríomhoifig Staidrimh

1.10 SAINCHEISTEANNA

Seo a leanas roinnt de na saincheisteanna práinneacha a gcaithfear dul i ngleic leo sa Phlean Forbartha seo:

- **An gá atá le réiteach a fháil ar mheath na dtionscal traidisiúnta macasamhail teicstilí, éadaí, talmhaíocht agus iascaireacht, agus béim a chur ar éagsúlú tuaithe, éiceathurasóireacht agus ar chur chun cinn bunú gnónna dúchasacha.**

- **Dul i ngleic leis an ráta ard dífhostaíochta i gcomparáid leis an chuid eile den tír agus fosta i gcomparáid leis na contaetha comharsanachta, Sligeach, Muineachán agus Liatroim (15.5% i nDún na nGall sa bhliain 2002 i gcóimheas 8.8% go náisiúnta).**

- **Neamhábaltacht an réigiúin dul in iomaíocht fhostaíochta ar scála náisiúnta nó idirnáisiúnta.**

- **Nascanna straitéiseacha agus áitiúla chuig ionaid láidre uirbeacha i dTuaisceart Éireann.**

- **Srianta/laigeachtaí infreastruchtúir ar fud an Chontae agus go háirithe, easpa de nasc láidir bóthair oirthir-iarthair.**

- **Struchtúr lag uirbeach agus gá le láidriú a dhéanamh ar ról na mbailte agus na sráidbhailte a fhreastalaíonn ar phobal leitheadach tuaithe.**

- **Aghaidh a thabhairt ar dídhaoiniú tuaithe agus féiniúlacht láidir chultúrtha na gceantar Gaeltachta a chothú.**

- **Láidriú a dhéanamh ar na nascanna infreastruchtúir atá laistigh den Chontae agus chuig ionaid réigiúnacha lasmuigh den Chontae, Doire, Sligeach An Ómaigh, Inis Ceithleann, Béal Feirste, Dún Dealgan agus Baile Átha Cliath san áireamh.**

- **Gá le caomhnú agus feabhsú a dhéanamh ar thírdhreach álainn Dhún na nGall agus ar a fhorbairt nádúrtha agus oidhreachta tré chur i bhfeidhm pleanáil oiriúnach agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.**

Chomh fada is a bhaineann sé le Frámaíocht Straitéiseach Spásúil don Chontae, déanfaidh an Dréachtphlean Forbartha Contae a chion féin i dtaca le sláinte agus leas eacnamaíoch an Chontae a threorú, a fheabhsú agus a threisiú agus chun dul i ngleic leis na saincheisteanna seo.